RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2066 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Lúnasa 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mionsonraí faoi chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír maidir le stoic ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir Thiar le haghaidh na tréimhse 2022-2024

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 14 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Rialachán (AE) 2019/1022 plean ilbhliantúil maidir le hiascaigh ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar. Le hAirteagal 14 den Rialachán sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí mhionsonraí na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a shonrú i gcás gach stoic de speicis sa Mheánmhuir Thiar a bhfuil feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir leo agus i gcás gabhálacha de thaisme de speicis pheiligeacha in iascaigh a shaothraíonn na stoic i gcomhréir leis an bhforáil sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/86 ón gCoimisiún ([2]), bunaíodh plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir, plean is infheidhme ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2019, tar éis do roinnt Ballstát a bhfuil leas díreach bainistíochta acu san iascach sa Mheánmhuir (an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, Málta agus an tSlóivéin) trí mholadh chomhpháirteacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin in 2016. Bhain na trí mholadh chomhpháirteacha sin leis an Meánmhuir Thiar, le Muir Aidriad agus leis an Meánmhuir Thoir-Theas faoi seach.

(3) An 7 Bealtaine 2021, tar éis dul i gcomhairle le Comhairle Chomhairleach na Meánmhara ("MEDAC"), chuir an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil ("Grúpa Ardleibhéil Pescamed"), moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin ina moltar síneadh a chur le díolúintí áirithe ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar.

(4) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ('STECF') measúnú ar an moladh comhpháirteach sin idir an 17 agus an 21 Bealtaine 2021 ([3]).

(5) An 21 Iúil 2021, thíolaic Grúpa Ardleibhéil Pescamed moladh comhpháirteach nuashonraithe a bhí i gcomhréir le measúnú STECF.

(6) Faoi Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), rinne an Coimisiún breithniú ar an moladh comhpháirteach i bhfianaise mheasúnú STECF chun a áirithiú go bhfuil sé comhoiriúnach leis na bearta caomhnaithe ábhartha, lena n-áirítear an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

([1]) IO L 172, 26.6.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/86 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2016 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha d'iascaigh ghrinnill áirithe sa Mheánmhuir (IO L 14, 18.1.2017, lch. 4).

([3]) Tuarascálacha ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) – Measúnú ar na moltaí comhpháirteacha maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír (STECF-21-05) 2021. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. Le fáil anseo https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2537709/STECF+PLEN+19-02.pdf

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(7) Tugann an Coimisiún dá aire go ngabhtar speicis sa Mheánmhuir Thiar i gcomhthráth, agus i gcainníochtaí an-éagsúil, rud a fhágann go mbíonn cur chuige stoic aonair dúshlánach. Ina theannta sin, gabhann soithí iascaireachta mionscála na speicis sin agus tugtar i dtír iad ag go leor pointí tabhairt i dtír thar raon leathan geografach ar feadh an chósta, agus is é an toradh a bhíonn aige sin go mbíonn costais dhíréireacha ann maidir le gabhálacha de thaisme a láimhseáil.

(8) Moltar leis an moladh comhpháirteach nuashonraithe síneadh a chur leis an díolúine inmharthanachta, dá bhforáiltear in Airteagal 15(4), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, a bunaíodh le haghaidh moilisc dhébhlaoscacha, eadhon muirín (*Pecten jacobeus*), breallaigh chroise (*Venerupis spp*.) agus breallaigh mhaighdeogacha (*Venus spp*.) a ghabhtar le dreidirí meicnithe (HMD) le haghaidh 2022. Mheabhraigh STECF do na Ballstáit dhá staidéar a bhí ann cheana a chur i gcrích chun measúnú breise a dhéanamh ar rátaí marthanais muirín, breallach croise agus breallach maighdeogach. Ós rud é nach bhfuil an fhianaise maidir le rátaí marthanais na speiceas sin cinntitheach, measann an Coimisiún gur cheart an díolúine in-mharthanachta a áireamh sa Rialachán seo ar feadh bliana go dtí go gcuirfear isteach na sonraí inmharthanachta ábhartha. Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann na sonraí ábhartha inmharthanachta do na trí speiceas sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Bealtaine 2022 ionas go bhféadfaidh STECF measúnú iomlán a dhéanamh ar na húdair atá leis an díolúine agus ionas go bhféadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh.

(9) Leis an moladh comhpháirteach nuashonraithe, moltar síneadh a chur leis an díolúine inmharthanachta a bunaíodh le haghaidh ghliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) a ghabhtar le tráil ghrinnill (OTB, OTT, PTB, TBN, TBS, EB, OT, PT, TX) le haghaidh 2022, 2023 agus 2024. Mheas STECF go bhfuil fianaise eolaíoch ann a léiríonn ráta íseal marthanais don speiceas sin sa Mheánmhuir Thiar agus i réigiúin eile, i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa. Ós rud é go bhfuil rátaí arda marthanais ann le linn an chuid eile den bhliain agus saintréithe an trealaimh, na gcleachtas iascaireachta agus an éiceachórais á gcur san áireamh, measann an Coimisiún gur cheart síneadh a chur leis an díolúine inmharthanachta ar feadh 3 bliana, ach amháin mí Iúil agus mí Lúnasa gach bliain.

(10) Leis an moladh comhpháirteach nuashonraithe, moltar síneadh a chur leis an díolúine inmharthanachta le haghaidh ghliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) a ghabhtar le potaí agus gaistí (FPO, FIX) le haghaidh 2022, 2023 agus 2024. Mheas STECF go raibh teorainn leis an bhfaisnéis shonrach chun tacú leis an díolúine sin. Ós rud é go bhfuil an t-iascach seo an-roghnach, áfach, measann an Coimisiún gur cheart síneadh trí bliana a chur leis an díolúine.

(11) Leis an moladh comhpháirteach nuashonraithe, moltar síneadh a chur leis an díolúine inmharthanachta don deargán (*Pagellus bogaraveo*) a ghabhtar le crúcaí agus línte (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX) le haghaidh 2022 agus 2023. Mheas STECF gur cuireadh fianaise ar fáil chun tacú leis an díolúine sin, ach gur cheart staidéir eolaíocha bhreise a dhéanamh chun breathnú go díreach ar mharthanas ábhair mhuirí aischurtha. Measann an Coimisiún gur cheart síneadh 2 bhliain a chur leis an díolúine.

(12) Leis an moladh comhpháirteach nuashonraithe, moltar síneadh a chur leis go an díolúine inmharthanachta le haghaidh gliomaigh (*Homarus gammarus*) agus piardóige (*Palinuridae*) a ghabhtar le líonta (GNS, GN, GND, GNC, GTN, GTR, GEN) agus le potaí agus gaistí (FPO, FIX) le haghaidh 2022 agus 2023. Mheas STECF gur cuireadh fianaise ar fáil a léirigh gur dhócha go mbeadh tionchar íseal ag inmharthanacht na díolúine, ach ba cheart staidéir eolaíocha bhreise a dhéanamh chun breathnú go díreach ar rátaí marthanais ábhair mhuirí aiscurtha. Measann an Coimisiún gur cheart síneadh 2 bhliain a chur leis an díolúine.

(13) Cuireadh fianaise eolaíoch nuashonraithe ar fáil leis an moladh comhpháirteach maidir le costais dhíréireacha a bhaineann le gabhálacha de thaisme a láimhseáil. Cé gur thug STECF dá aire go bhfuil meastacháin ar an méadú ar chostais curtha ar fáil, leag sé béim ar na deacrachtaí atá ann breithniú a dhéanamh maidir le cén leibhéal ag a bhfuil costais atá díréireach. Thug STECF dá aire go bhféadfaí an fhaisnéis a cuireadh ar fáil maidir le costais dhíréireacha a thabhairt chun críche a thuilleadh agus gur cheart meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na díolúine. Ina theannta sin, thug CETEI dá aire gur cheart tosaíocht a thabhairt do laghdú a dhéanamh ar leibhéal na ngabhálacha de thaisme trí threalamh roghnaitheach nó limistéir mhuirí faoi chosaint a úsáid. Is díol sásaimh don Choimisiún an gealltanas a thug Grúpa Ardleibhéil Pescamed obair bhreise a dhéanamh ar roghnaíocht agus ar shrianta spásúla iascaigh mar thosaíocht chun laghdú ar ghabhálacha de thaisme a bhaint amach. Thug STECF dá aire go gcumhdaítear grúpa leathan speiceas a bhfuil raon leathan rátaí aischuir acu leis an gcur chuige iomlán *de minimis* ach measadh gur cur chuige bailí é cumhdach leathan den sórt sin i bhfianaise chastacht na n-iascach sa Mheánmhuir Thiar. Ina theannta sin, mheas STECF gur dhócha go mbeadh go leor díolúintí ar leith ann a bheadh chomh dúshlánach céanna le faireachán a dhéanamh orthu mar thoradh ar dhíolúintí aonair *de minimis* a chumhdaíonn aon speiceas amháin. Measann an Coimisiún gur cheart síneadh a chur leis an díolúine a leis na leibhéil chéatadáin atá beartaithe.

(14) Sa mholadh comhpháirteach uathu, rinne na Ballstáit athnuachan ar a ngealltanas roghnaíocht an trealaimh iascaireachta a mhéadú i gcomhréir le torthaí na gclár taighde reatha chun gabhálacha de thaisme a laghdú agus a theorannú agus go háirithe gabhálacha faoi bhun íosmhéideanna tagartha caomhnaithe a laghdú agus a theorannú.

(15) Ina theannta sin, gheall na Ballstáit ina moladh comhpháirteach go ndéanfaidh siad limistéir choiscthe bhreise a shainaithint chun básmhaireacht i measc na n-óg a laghdú, i gcás ina bhfuil fianaise ann go bhfuil líon ard iasc óg ann. Tá na bearta a mholtar sna moltaí comhpháirteacha nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 15(4), le hAirteagal 15(5), pointí (b) agus (c) agus le hAirteagal 18(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(16) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta maidir le soithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe, Ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2022.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme

Maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá bhforáiltear in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh feidhm aici in uiscí an Aontais sa Mheánmhuir Thiar maidir le hiascaigh ghrinnill i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "Fo-limistéir Gheografacha de chuid GFCM" Fo-limistéir Gheografacha de chuid an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (GFCM), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]);

(b) Ciallaíonn "an Mheánmhuir Thiar" Folimistéir Gheografacha 1, 2, 5, 6, 7, 8, 9, 10 agus 11.1, 11.2 agus 12 de chuid GFCM.

Airteagal 3

Díolúintí inmharthanachta

1. Maidir leis an díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír de bhun Airteagal 15(4), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i gcás na speiceas sin a léiríonn fianaise eolaíoch ina leith go bhfuil rátaí arda marthanais acu sa Mheánmhuir Thiar, beidh feidhm aici maidir leis an méid seo a leanas:

a) muirín (*Pecten jacobeus*) a gabhadh le dreidirí meicniúla (HMD) go dtí an 31 Nollaig 2022;

b) breallach croise (*Venerupis spp.*)a ghabhtar le dreidirí meicnithe (HMD) go dtí an 31 Nollaig 2022;

c) breallach maighdeogach (*Venus spp.*)a gabhadh le dreidirí meicnithe (HMD) go dtí an 31 Nollaig 2022;

d) Gliomach na hIorua *(Nephrops norvegicus)* a ghabhtar le gach trál grinnill *(OTB, OTT, PT, TBN, TBS, TB, OT, PT, TX)* i rith na míonna ó Eanáir go Meitheamh agus ó Mheán Fómhair go Nollaig, gach bliain go dtí an 31 Nollaig 2024;

e) Gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) a ghabhtar le potaí agus gaistí (FPO, FIX) go dtí an 31 Nollaig 2024;

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle maidir le bearta bainistíochta do shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir (IO L 347, 30.12.2011, lch. 44).

f) deargán (*Pagellus bogaraveo*) a ghabhtar le duáin agus doruithe (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX) go dtí an 31 Nollaig 2023;

g) gliomach (*Homarus gammarus*) a ghabhtar le heangacha (GNS, GN, GN, GNC, GTN, GTR, GEN) agus le potaí agus gaistí (FPO, FIX) go dtí an 31 Nollaig 2023;

h) piardóg (*Palinuridae*) a ghabhtar le líonta (GNS, GN, GND, GNC, GTN, GTR, GEN) agus le potaí agus gaistí (FPO, FIX) go dtí an 31 Nollaig 2023.

2. Déanfar muirín (*Pecten jacobeus*), breallach croise (*Venerupis spp.*), breallach maighdeogach (*Venus spp.*), gliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*), deargán (*Pagellus bogaraveo*), gliomach (*Homarus gammarus*) agus piardóg (*Palinuridae*) a ghabhtar sna cúinsí dá dtagraítear i mír 1 a scaoileadh láithreach sa limistéar inar gabhadh iad.

3. Faoin 1 Bealtaine 2022, déanfaidh na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu san iascach sa Mheánmhuir sonraí breise maidir le hábhar muirí aischurtha agus aon fhaisnéis eolaíoch ábhartha eile a thacaíonn leis an díolúine a leagtar síos i mír 1, pointí (a), (b) agus (c) a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Faoin 31 Iúil 2022 ar a dhéanaí, déanfaidh STECF measúnú ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis arna gcur isteach.

Airteagal 4

Díolúintí de minimus

De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, féadfar na cainníochtaí speiceas seo a leanas a aischur de bhun Airteagal 15(4), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013:

(a) maidir le colmóir (*Merluccius merluccius*) agus milléad (*Mullus spp.*), suas le 5 % ar a mhéid le haghaidh 2022 agus 2023 de ghabhálacha bliantúla iomlána na speiceas sin a ghabhann soithí a úsáideann tráil ghrinnill;

(b) maidir le colmóir (*Merluccius merluccius*) agus milléad (*Mullus spp.*), suas le1 % ar a mhéid le haghaidh 2022 agus 2023 de ghabhálacha bliantúla iomlána na speiceas sin a ghabhann soithí a úsáideann eangacha geolbhaigh agus eangacha traimlí;

(c) maidir le doingean mara Eorpach (*Dicentrarchus labrax*), garbhánach fáinneach (*Diplodus annularis*), garbhánach géarshocach (*Diplodus puntazzo*), garbhánach bán (*Diplodus sargus*), garbhánach débhandach coiteann (*Diplodus vulgaris*), garúpaigh (*Epinephelus spp.*), garbhánach stríocach (*Lithognathus mormyrus*), garbhánach ascailleach (*Pagellus acarne*), deargán (*Pagellus bogaraveo*), garbhánach coiteann (*Pagellus erythrinus*), garbhánach pargach dearg (*Pagrus pagrus*), breac raice (*Polyprion americanus*), sól coiteann (*Solea solea*), garbhánach órcheannach (*Sparus aurata*) agus rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*), suas le 5 % ar a mhéid le haghaidh 2022 agus 2023 de ghabhálacha iomlána bliantúla na speiceas sin a ghabhann soithí a úsáideann tráil ghrinnill;

(d) maidir le doingean mara Eorpach (*Dicentrarchus labrax*), garbhánach fáinneach (*Diplodus annularis*), garbhánach géarshocach (*Diplodus puntazzo*), garbhánach bán (*Diplodus sargus*), garbhánach débhandach coiteann (*Diplodus vulgaris*), garúpaigh (*Epinephelus spp.*), garbhánach stríocach (*Lithognathus mormyrus*), garbhánach ascailleach (*Pagellus acarne*), deargán (*Pagellus bogaraveo*), garbhánach coiteann (*Pagellus erythrinus*), garbhánach pargach dearg (*Pagrus pagrus*), breac reice (*Polyprion americanus*), sól coiteann (*Solea solea*), garbhánach órcheannach (*Sparus aurata*), suas le 3 % ar a mhéid le haghaidh 2022 agus 2023 de ghabhálacha iomlána bliantúla na speiceas sin a ghabhann soithí a úsáideann eangacha geolbhaigh agus eangacha traimlí;

(e) maidir le doingean mara Eorpach (*Dicentrarchus labrax*), garbhánach fáinneach (*Diplodus annularis*), garbhánach géarshocach (*Diplodus puntazzo*), garbhánach bán (*Diplodus sargus*), garbhánach débhandach coiteann (*Diplodus vulgaris*), garúpaigh (*Epinephelus spp.*), garbhánach stríocach (*Lithognathus mormyrus*), garbhánach ascailleach (*Pagellus acarne*), garbhánach coiteann (*Pagellus erythrinus*), garbhánach pargach dearg (*Pagrus pagrus*), breac reice (*Polyprion americanus*), sól coiteann (*Solea solea*), garbhánach órcheannach (*Sparus aurata*), suas le 1 % ar a mhéid le haghaidh 2022 agus 2023 de ghabhálacha iomlána bliantúla na speiceas sin a ghabhann soithí a úsáideann duáin agus doruithe.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN